

BEARTAS TINRIMH **(Baill Foirne Neamhtheagaisc)**

BEARTAS

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tiomanta do sheirbhís chuimsitheach ar ardchaighdeán a sholáthar. Chuige sin, tá freastal rialta agus poncúil na foirne riachtanach. Teastaíonn cur chuige dearfach maidir le bainistiú neamhláithreachta ó chách chun cur ar chumas an BOO a spriocanna oideachais a bhaint amach.

AIDHM

Is é cuspóir an bheartais seo ná

- (a) Tabhair breac-chuntas ar na caighdeáin is gá maidir le láithreacht ag an obair;
- (b) Cur chuige an BOO maidir le bainistiú neamhláithreachta a chaighdeánú; agus
- (c) A chinntiú go gcaitear go cothrom agus go comhsheasmhach le gach ball foirne i réimse na bainistíochta neamhláithreachta.

SCÓIP

Tá an beartas seo infheidhme maidir le gach fostaí (sealadach agus buan, lánaimseartha agus páirtaimseartha) beag beann ar fhad seirbhíse

PONCÚLACHT

- Teastaíonn tinreamh rialta agus poncúil. Ba chóir d'aon bhall foirne atá as láthair ón obair fógra a thabhairt dá bhainisteoir líne a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 10:00 a.m.
- Ceanglaítear ar bhaill foirne a bheith i láthair i rith an lae agus ba chóir dóibh cead a lorg roimh ré má bhíonn orthu an t-áitreabh a fhágáil. Ba chóir do bhaill foirne atá ar uaireanta fleisc-ama 'clogáil amach' sula bhfágann siad an foirgneamh, lena n-áirítear sosanna tobac.
- Is é 9:15 a.m. agus 5:00 p.m. an t-am tosaithe/críochnaithe do bhaill foirne nach bhfuil ar uaireanta fleisc-ama.
- Ba chóir do Bhaill Foirne Riaracháin atá ar uaireanta fleisc-ama tosú ar an obair tráth nach déanaí ná 10:00 a.m. agus críochnú tráth nach luaithe ná 4:00 p.m.
- Glacfar le breithniú tromchúiseach ar mhoill leanúnach/imeacht luath.

Drochphoncúlacht Leanúnach

D'fhéadfadh drochphoncúlacht leanúnach gníomh smachtaithe a bheith mar thoradh air, agus d'fhéadfadh na smachtbhannaí seo a leanas a bheith i gceist:

- (a) incrimintí a iarchur; agus/nó
- (b) I gcás baill foirne atá ar uaireanta fleisc-ama, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí pribhléidí na scéime a aistarraingt.
- (c) D'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith mar thoradh ar neamhláithreachtaí neamhúdaráithe freisin.

Sula dtosófar aon ghníomh smachtaithe, buailfidh a bhainisteoir/bainisteoir líne leis an mball foirne.

SAOIRE SPEISIALTA

I gcás saoire speisialta amhail Saoire Mhéala/Atruach, Saoire Thuismitheoireachta (Saoire Force Majeure), Saoire Speisialta le pá nó gan phá, ba chóir iarratas a dhéanamh chuig Acmhainní Daonna. Ba chóir na cineálacha saoire seo a ghlacadh ar an gcéad dul síos mar Shaoire Bhliantúil agus iad a leasú dá réir sin nuair a fhaightear ceadú.

SAOIRE BHREOITEACHTA AGUS SAOIRE BHLIANTÚIL / LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ

Saoire Bhreiteachta Fhéindeimhnithe

Forálann Scéim Pá Breiteachta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire 7 lá de Shaoire Bhreiteachta Fhéindeimhnithe in aon tréimhse rollach 2 bhliain ag comhaireamh siar ón lá breiteachta fhéindeimhnithe is déanaí. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

- Ba chóir do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh lena mBainisteoir Líne roimh 10:00 a.m. ar an teileafón (ní trí theachtaireacht téacs nó ríomhphost).
- Ní fhéadfar níos mó ná trí lá a thógáil i ndiaidh a chéile.
- Ní fhéadfar Saoire Bhreiteachta Fhéindeimhnithe a thógáil ar an Aoine agus an Luan ina dhiaidh sin, ná i gcás deireadh seachtaine saoire bainc, ar an Aoine agus an Mháirt ina diaidh sin.
- Ní fhéadfar Saoire Bhreiteachta Fhéindeimhnithe a thógáil díreach roimh nó i ndiaidh Saoire Bhliantúil, ná díreach i ndiaidh Saoire Bhreiteachta Dheimhnithe.
- Má theipeann ort na nósanna imeachta seo a leanúint, d'fhéadfadh neamhíocaíocht a bheith mar thoradh air, do na laethanta atá i gceist.
- Ar mhaithe le baill foirne a choinneáil ar an eolas, eiseofar litir ón Roinn AD chuig baill foirne a bhfuil níos mó ná 5 lá Saoire Bhreiteachta Fhéindeimhnithe acu i dtréimhse 2 bhliain.

Saoire Bhreiteachta Dheimhnithe

I gcás saoire bhreiteachta dheimhnithe, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

- Ba chóir do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh lena mBainisteoir/Príomhoide/Bainisteoir Ionaid roimh 10:00 a.m.
- Teastaíonn Teastas Leighis, tráth nach déanaí ná an ceathrú lá den bhreiteacht. *Ba chóir go mbeadh an Teastas ón Liachleachtóir cláraithe agus go mbeadh fad dóchúil na breiteachta luaite ann.*
- Má tá ball foirne ar shaoire bhreiteachta dheimhnithe roimh shaoire bhliantúil, ba cheart dóibh a chur in iúl dá gCeann Roinne/Príomhoide agus AD (roimh dháta tosaithe a saoire bhliantúil phleanáilte) an bhfuil siad chun fanacht ar shaoire bhreiteachta dheimhnithe nó tús a chur lena saoire bhliantúil mar atá beartaithe.
- Má bhíonn ball foirne tinn le linn saoire bhliantúil nó ar lá saoire poiblí (mar a shainmhínítear san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997) agus má bhíonn teastas dochtúra acu le haghaidh na laethanta a raibh siad tinn, beidh siad i dteideal na laethanta seo a thógáil arís laistigh de mhí amháin le comhaontú leis an gCeann Roinne/an Príomhoide agus leis an Roinn AD. Ba chóir do bhaill foirne atá ar shaoire bhreiteachta dheimhnithe le linn saoire bhliantúil nó ar lá saoire poiblí a mbainisteoir/AD a chur ar an eolas agus teastas dochtúra a sholáthar tráth nach déanaí ná an 4^ú lá den bhreiteacht.
- Mura gcuirtear teastais dochtúra isteach in am, d'fhéadfadh ball foirne a mharcáil mar 'saoire gan phá'.

Má fhreastalaíonn ball foirne ar an obair ach má thiteann sé/sí tinn i rith an lae agus má iarrann sé/sí imeacht ón obair, déanfar saoire bhreiteachta a thaifeadadh mar seo a leanas:

- Má fhreastalaíonn an ball foirne ar an obair ar feadh breis agus 3 uair 30 nóiméad, déanfar neamhláithreacht bhreiteachta leathlae a thaifeadadh. Seachas sin, déanfar lá iomlán a thaifeadadh.

Bailiú asbhaintí Sochair Bhreiteachta - ÁSPC Aicme A.

Ba chóir éilimh ar shochar breiteachta ó bhaill foirne a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme “A” a dhéanamh go díreach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS). Má tá an ball foirne incháilithe do shochar breiteachta, íocfaidh an RGFCS é go díreach leis an mball foirne.

I gcás ina mbíonn ball foirne as láthair ar shaoire bhreiteachta ar feadh níos mó ná trí lá (lena n-áirítear deireadh seachtaine agus laethanta dúnta eile), ba chóir dóibh éileamh ar shochar breiteachta RGFCS a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar shochar breiteachta (IB1) a chomhlánú. Comhlánaíonn an dochtúir an teastas éagumais chun oibre agus seoltar ar ais chuig an mball foirne é. Ní mór sonraí cuntais bhainc an bhaill foirne a bheith san áireamh ar fhoirm IB1. Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus an fhoirm dheimhnithe éagumais chun oibre a sheoladh chuig an RGFCS ag an seoladh atá luaite ar na foirmeacha.

Ríomhfaidh BOOÁCDL líon na laethanta incháilithe don asbhaint sochair bhreiteachta bunaithe ar thaifead na saoire bhreiteachta agus bainfidh sé an méid ón tuarastal.

Tá sé an-tábhachtach go gcuirtear BOOÁCDL ar an eolas a luaithe is féidir tar éis tús na neamhláithreachta. Mura dtugtar fógra faoi neamhláithreachta in am nó má bhíonn roinnt seachtainí caite sula dtugtar fógra faoin neamhláithreachta, déanfar aisghabháil luach na híocaíochta sochair breiteachta atá dlíte don BOO don tréimhse iomlán neamhláithreachta a asbhaint thar roinnt párollaí. Déanfar asbhaintí i gcomhréir le rialacha an RGFCS a rialaíonn incháilitheacht an shochair bhreiteachta a fháil. Ní dhéanfar aon asbhaint don chéad trí lá de bhreiteacht dheimhnithe. **I gcás ina bhfuil ball foirne ag fáil sochar breiteachta laghdaithe** mar gheall ar leibhéil ioncaim, mar shampla, nó nach bhfuil siad incháilithe chun sochar breiteachta a fháil, **ba chóir dó/dí é sin a chur in iúl don BOO trí chóip de chinneadh an RGFCS a sheoladh chuig an Oifigeach Airgeadais a luaithe is féidir**. Beidh an ráta asbhainte laethúil socraithe ach an fógra seo a fháil.

Saoire Bhliantúil

- Ba chóir iarratas a dhéanamh ar shaoire bhliantúil roimh ré.
- Faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, tá gá le 1,365 uair an chloig ar a laghad (i.e. gan saoire bhreiteachta a áireamh) le linn bliana saoire chun teidlíocht iomlán saoire a fháil. Ní féidir Saoire Bhliantúil a dheonú ach amháin ar bhonn pro rata i gcás ina n-oibríonn baill foirne níos lú ná an t-íosmhéid seo.

'AGALLAMH' MAIDIR LE FILLEADH AR AN OBAIR

Chun cabhrú le ball foirne atá ag filleadh ar an obair, tar éis tréimhse fada neamhláithreachta, reáchtálfar cruinniú tosaigh leis/léi agus lena bhainisteoir/bainisteoir líne. Is é cuspóir an chruinnithe ná an tacaíocht riachtanach go léir a chur ar fáil don bhall foirne atá ag filleadh ar an obair.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach a dheimhniú go bhfuil ball foirne oiriúnach dul i mbun dualgas arís, ina leith seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh air/uirthi freastal ar oifigeach leighis/teiripeoir saothair an BOO le haghaidh tuairim ghairmiúil sula bhfillfidh sé/sí ar an obair.

NEAMHLÁITHREACHTAÍ ATHFHILLTEACHA

Má bhíonn patrún neamhláithreachtaí athfhillteacha ag ball foirne, reáchtálfar cruinniú lena bainisteoir/bhainisteoir líne chun a fháil amach cén fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann agus cad iad na tacaíochtaí, más ann dóibh, is féidir a chur ar fáil. Má bhaineann an neamhláithreacht le bhunfhadhb sláinte, féadfar an ball foirne a chur ar aghaidh chuig oifigeach leighis nó teiripeoir saothair an BOO.

Oifigeach Leighis an BOO

Forchoimeádann an BOO an ceart aon bhall foirne a atreorú chuig oifigeach leighis/teiripeoir saothair an BOO tar éis tréimhse fada breoiteachta nó faoi aon chúinsí eile de réir mar is cuí leis.

Ról na Roinne Acmhainní Daonna

- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do Bhainisteoirí Líne ina n-iarrachtaí chun leibhéil tinrimh a bharrfheabhsú.
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne aonair.
- Cúnamh a thabhairt do Bhainisteoirí Líne i bplé agus in agallaimh neamhfhoirmiúla/foirmiúla de réir mar is gá.
- Comhairle, monatóireacht agus cumarsáid a dhéanamh ar leibhéil tinrimh trí mheicníochtaí tuairiscithe rialta.

Cuireadh an doiciméad beartais seo le chéile chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo, ó thaobh tinrimh rialta agus poncúil de, agus chun a chinntiú go ndéileáiltear le haon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar bhealach cothrom agus tacúil.